



Scéim Teanga 2019-2022
Faoi Alt 15 d'Acht na
dTeangacha Oifigiúla, 2003

Clár ábhair

1. Achoimre Fheidhmeach	2
2. Ról an Choimisiúin	3
3. Seirbhísí ar fáil go dátheangach agus as Béarla amháin	4
4. Soláthar Seirbhísí as Gaeilge a fheabhsú	5
5. Monatóireacht agus Foilsiú	8

1. Achoimre Fheidhmeach

- 1.1 Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:
- trí mheán na Gaeilge,
 - trí mheán an Bhéarla, agus
 - trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla
- 1.2 Ní mór go gcurfadh an scéim síos ar spriocanna chun feabhsú a dhéanamh ar sheirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.
- 1.3 Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 09.09.2019. De réir Chaibidil 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.
- 1.4 Is í seo dara scéim teanga an Choimisiúin. Rinneamar machnamh don treoirlínte ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun í a ullmhú. Bhí comhairliúchán poiblí againn freisin sular dréachtaíodh an scéim. Rinneamar machnamh ar an aighneacht a fuairamar ó Chonradh na Gaeilge mar thoradh air sin.

2. Ról an Choimisiúin

- 2.1 Rialáonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta gnéithe áirithe d'earnálacha na heitlíochta agus na trádála taistil in Éirinn. Bunaíodh é sa bhlian 2001, faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, leasú ag an Acht um Aerfoirt Stáit, 2004 agus an Acht um Rialáil Eitlíochta, 2006.
- 2.2 Is comhlacht poiblí neamhspleách é an Coimisiún, faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus é freagrach do Thithe an Oireachtais. Tá gníomhuithe an Choimisiúin treoraithe ag reachtaíocht a bhaineann leis na réimsí a rialaíonn sí. Tá príomhfheidhm an Choimisiúin sa réimse de rialú praghsanna, is é sin leibhéal uasmhéid de tháillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- 2.3 Tá an coimisiún freagrach, faoi reachtaíocht AE, as freagrachtaí na hÉireann a chomhlíonadh maidir le comhordú sliotán ag aerfoirt na hÉireann.
- 2.4 Tá an Coimisiún freagrach freisin as an trádáil taistil in Éirinn a cheadúnú, agus tugann ceadúnais do thionscnóirí turas agus gníomhaireachtaí taistil. Mar chuid den fheidhm seo, riarann an Coimisiún scéim bhannaíochta chun tomhaltóirí a aisíoc sa chás de theip na gníomhaireachta taistil. Tugann an Coimisiún ceadúnais freisin d'aerlínte agus ceadáonn sé soláthróirí láimhsithe ar talamh faoi rialúcháin a chuireann reachtaíocht AE i bhfeidhm.
- 2.5 Tá ról suntasach ag an gCoimisiún maidir le cosaint do thomhaltóirí. Is é an Coimisiún an comhlacht náisiúnta forfheidhmithe agus tasc aige reachtaíocht an AE a mhonatóiriú agus a rialú, reachtaíocht a chuimsíonn Cearta na nAerphaisinéirí agus soláthar de chúnamh do Phaisinéirí a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe acu (PRM).
- 2.6 Tá oifig an Choimisiúin i lár na cathrach i mBaile Ath Cliath. Mar sin, ní oibríonn an Coimisiún i gCeantair Gaeltachta.

3. Seirbhísí ar fáil go dátheangach agus as Béarla amháin

3.1 Mar thoradh ar scéim 2016-2019, rinne an Coimisiún feabhsú mór ar an bhfáil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá tuille eolais thíos.

Seirbhísí ar fáil go dátheangach

3.2 Tá na seirbhísí éigeantacha atá luaite san Acht 2003 curtha ar fáil go dátheangach, an tuarascáil bhliantúil, plean stratéiseach, ráitis airgeadais, comharthaíocht stáiseanóireacht, srl, san áireamh.

3.3 Tá eolas maidir le ról an Choimisiúin agus an chairt chustaiméirí ar an suíomh idirlín go dátheangach.

3.4 Tá an fhoirm iarratais ar cheadú a fháil mar sholáthraí seirbhísí ar an talamh ar fáil go dátheangach ar an suíomh idirlín.

3.5 Tá an fhoirm iarratais ar cheadú a fháil mar aeriompróra ar fáil go dátheangach ar an suíomh idirlín.

3.6 Tá an fhoirm iarratais chun leasú a dhéanamh ar cheadú mar sholáthraí seirbhísí ar an talamh ar fáil go dátheangach ar an suíomh idirlín.

3.7 Tá an fhoirm iarratais agus na treoracha maidir le ceadúnú um Thrádáil Taistil ar fail, ar iarratas amháin, go dátheangach. Tá sé seo scríofa ar an suíomh idirlín.

3.8 Tá rogha Gaeilge sa chóras uathoibríoch teileafóin. Freagraítear aon chumarsáid dá leithéid, chomh maith le haon rphost nó cumarsáid eile as Gaeilge.

3.9 Tá eolas maidir le cearta aerphaisinéirí go dátheangach ar an suíomh idirlín.

Seirbhísí ar fáil as Béarla

3.10 Tá doiciméid comhairliúcháin agus doiciméid chinnidh maidir le Muirir Aerfort i mBaile Atha Cliath, chomh maith le doiciméid mhonatóireachta ar chaighdeán seirbhíse agus cur i bhfeidhm an clár caipitiúil, as Béarla.

3.11 Déantar an comhordú ag Aerfort Baile Atha Cliath trí Bhéarla.

3.12 Nuair a theipeann ar tionscnóir turas nó ar ghníomhaire taistil, cuirtear foirmeacha agus eolas atá criticiúil ó thaobh ama ar fail as Béarla.

3.13 Tá treoracha agus ceistanna coitianta maidir le cheadúnú sholáthraí seirbhísí ar an talamh agus aeriompróirí as Béarla.

3.14 Tá an suíomh idirlín www.flightrights.ie, atá dírithe ar an bpobal a chur ar an eolas faoina gcearta mar phaisinéirí aeir, chomh maith leis an gcóras gearán ar line, as Béarla.

4. Soláthar Seirbhísí as Gaeilge a fheabhsú

4.1 Tá an Coimisiun tiománta feabhsú a dhéanamh ar an bhfáil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge, agus an dul chun cinn faoin scéim 2016-2019 a choinneáil.

Comhairliúchán Poiblí

4.2 Roimh an scéim seo a chur le chéile, rinneamar comhairliúchán poiblí tríd ár shuíomh idirlín agus trí tuarasc.ie. Fuair eamar aighneacht mionsonraithe ó Chonradh na Gaeilge.

4.3 Deir Conradh gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ar fail agus le feiceáil, lena n-áirítear cumarsáid labhartha agus scríofa agus foilseacháin ar an suíomh idirlín, chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i ngach réimse oibre an Choimisiúin.

4.4 Deir Conradh gur chóir go mbeadh cothromas teanga ar an suíomh idirlín, le rogha teanga ar an leathanach baile, agus seirbhísí ar fáil as Ghaeilge gan aon choinníollacha, ama, nó iarrachtaí breise i gcomparáid leis an mBéarla. Deir Conradh nár chóir go mbeadh stíl agus caighdeán na teanga níos lú sa leagan Ghaeilge.

4.5 Deir Conradh go mba chóir go mbeadh leagan Gaeilge den ainm fearainn agus seoltaí ríomhphoist ann. Ba chóir go mbeadh síntí ríomhphoist agus teachtaireachta as-oifig go dátheangach.

4.6 Deir Conradh go gcaithfidimid gach ball foirne a chur ar an eolas maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin faoi Acht 2003. Ba chóir go mbeadh deiseanna a gcumas teanga a feabhsú curtha ar fáil dóibh. Ba chóir don bhainistíocht shinsearach monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime, agus ba chóir taifid a choinneáil agus a thuairisciú.

Ag Díriú ar Gníomhartha Nua

4.7 Agus na gníomhartha thíos á ndréachtú againn, cheapamar ar:

- An leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith sa Ghaeilge i gcomhthéacs soláthar dearfach.
- Acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta phoiblí an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó a rochtain.

4.8 Rinneamar machnamh ar na moltaí ó Chonradh na Gaeilge.

4.9 Go dtí seo, tá an t-éileamh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge ag teacht ón phobal seachas an tionscal eitlíochta, go háirithe daoine ón phobal ag lorg comhairle maidir le cearta aerphaisinéirí. Mar sin, tá sé i gceist againn na réimsí seo a leanas a fhorbairt chun leanúint ar aghaidh ag feabhsú ár soláthar seirbhíse i nGaeilge ar an mbealach is praiticiúla.

- Díriú ar www.flightright.ie, an suíomh idirlín atá dírithe ar chearta paisinéirí aeir. Tá an suíomh idirlín seo á athoibriú faoi láthair, ach tá sé ar intinn againn go mbeadh an suíomh ar fad go dátheangach.

- Díriú ar saincheisteanna a bhfuil spéis ag an bpobal iontu, lena n-áirítear monatóireacht ar chaighdeán seirbhíse agus tionscadail chaipitil ag aerfort Bhaile Atha Cliath, chomh maith le teoracha agus ceisteanna coitianta atá dírithe ar phaisinéirí maidir le ceadúnú aeriompróra, agus ceadúnú lucht sholáthar sheirbhíse ar an talamh.
- Díriú ar saincheisteanna ginearálta a bhfuil spéis ag an bpobal iontu, lena n-áirítear treoirínite maidir le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise agus cód iompair chomhaltaí foirne an choimisiúin.

4.10 Tá roinnt gníomhartha níos éasca ar féidir linn a dhéanamh chun daoine a spreagadh le Gaeilge a úsáid más mian leo. Mar a scríobh Conradh, déantar é seo trí chinntiú go bhfuil an Ghaeilge inrochtana agus le feiceáil.

Gníomhartha agus Gealltanais

- 4.11 Coimeádfaidh an Coimisiún na seirbhísí dátheangach mar atá leagtha amach i Roinn 3. Déanfaimid athbhreithniú ar an bhféidearthacht go ndéanfar cnaipí rogha teanga ar an leathanach baile, faoi réir an chumasc atá ar feitheamh le Rannán Rialála Sábháilteachta an IAA.
- 4.12 Faoi dheireadh bhliain 1, foilseofar tuarascálacha monatóireachta ráithiúla maidir le cáilíocht seirbhíse agus tionscadail chaipitil go dátheangach.
- 4.13 Faoi dheireadh bhliain 1, beidh gach eolas maidir le cealú eitilte agus moill fhada ar fliightrights.ie go dátheangach.
- 4.14 Faoi dheireadh bhliain 1, foilseofar treoirínite maidir le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise go dátheangach.
- 4.15 Faoi dheireadh bhliain 1, freagróidh gach seoladh ríomhphoist atá ar fáil don phobal go dátheangach nuair a sheoltar freagraí uathoibrithe.
- 4.16 Faoi dheireadh bhliain 1, beidh gach síniú ríomhphoist go dátheangach.
- 4.17 Faoi dheireadh bhliain 2, beidh teoracha agus ceisteanna coitianta atá dírithe ar phaisinéirí maidir le ceadúnú aeriompróra agus mar sholáthar sheirbhísí ar an talamh go dátheangach.
- 4.18 Faoi dheireadh bhliain 2, foilseofar eolas maidir leis an gcóras gearán ar fliightrights.ie go dátheangach.
- 4.19 Faoi dheireadh bhliain 2, foilseofar faisnéis maidir le cearta paisinéirí faoi mhíchumas luaineachta go dátheangach, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le trádáil taistil, aeriompróirí, agus aerfoirt.
- 4.20 Faoi dheireadh bhliain 2, foilseofar eolas faoi dhiúltú bordála agus íosghrádú ar fliightrights.ie go dátheangach.
- 4.21 Faoi dheireadh na scéime, beidh aon téacs eile ar fliightrights.ie dátheangach.
- 4.22 Faoi dheireadh na scéime, beidh fliightrights.ie go hiomlán dátheangach, graifaicí,

meirgí srl. san áireamh.

- 4.23 Faoi dheireadh na scéime, beidh eolas maidir le cód iompair na bhfostaithe dátheangach.

Cumas Teanga na Foirne

- 4.24 Cinnteoidh an Coimisiún go bhfuil ball foirne inniúil ar sheirbhísí an Choimisiúin a sholáthar trí Ghaeilge.
- 4.25 Tugfar cóip den scéim teanga do bhaill foirne nua agus cuirfear ar an eolas iad maidir le oibleagáidí an Choimisiúin faoi Acht 2003.
- 4.26 Tacóidh an Coimisiún le baill foirne chun freastal ar ranganna Gaeilge chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge más mian leo é sin a dhéanamh.
- 4.27 Spreagfar baill foirne le cumas Gaeilge chun leas a bhaint as nuair a bhíonn feidhmeanna an choimisiúin á gcomhlíonadh acu.

5. Monatóireacht agus Foilseachán

- 5.1 Tar éis an scéim a chur i bhfeidhm, déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn go minic.
- 5.2 Foilseofar an scéim ar shuíomh idirlín an Choimisiúin. Déanfaimid taifead ar gach cás cumarsáide trí Ghaeilge.
- 5.3 Gach bliain, cuimseoidh ár dtuarascáil bhliantúil tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na scéime, mar aon le achoimre ar chumarsáid nó iarratais a fhaightear trí Ghaeilge.
- 5.4 Cuirfear cóip den scéim chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.